

Foirne Líonra Míchumais Leanaí

Is minic go bhfaigheann leanaí a gcuirtear moilleanna ar a bhforbairt tacaíocht ó sheirbhísí áitiúla Cúraim Phríomhúil. Áirítear leis seo daoine cosúil le hAltraí, Dochtúirí Ginearálta (DGanna), Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Fisiteiripeoirí.

Cuireann Foireann Líonra Míchumais Leanaí seirbhísí ar fáil do leanaí a shine le 18 mbliana a bhfuil riachtanais níos mó acu.

Cad é Foireann Líonra Míchumais Leanaí?

Tá taithí againn ar sheirbhísí a sholáthar do leanaí faoi mhíchumas.

Oibrímid go dlúth lena chéile chun réimse fairsing seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do do leanbh agus do theaghlach. Braithfidh na baill foirne a chasann leat, agus cé chomh minic a chasann tú leo, ar riachtanais do linbh. Pléifimid é seo leat.

Is minic go dtugaimid grúpaí leanaí agus grúpaí tuismitheoirí le chéile chun scileanna nua a fhoghlaim agus chun am a chaitheamh lena chéile. Foghlaimíonn tú féin agus daoine muinteartha eile conas tacú le forbairt do linbh. Is féidir leat d'eispéiris a roinnt le daoine eile.

Cad é Cleachtas atá Dírithe ar an Teaghlach?

Déanann leanaí gnáthrudáí laethúla a fhorbairt agus a fhoghlaim lena dteaghlach, a réamhscoil, a scoil agus a bpobal. Baineann an tábhacht is mó leatsa agus le daoine a bhíonn timpeall ar do leanbh gach lá chun cabhrú le do leanbh foghlaim agus forbairt.

Glacann gach Foireann Líonra Míchumais Leanaí le cur chuige Cleachtais atá Dírithe ar an Teaghlach.

Ciallaíonn seo go n-oibreoidimid leat agus le daoine eile a bhíonn i gcuideachta do linbh chun tacú le forbairt do linbh.

An méid is ciall le Cleachtas atá Dírithe ar an Teaghlach

- Glacfaimid an t-am chun aithne a chur ort agus ar do leanbh chun gur féidir linn oibriú as lámh a chéile.

- Deimhneoidimid cén spriocanna atá agat do do leanbh agus do theaghlach.
- Oibreoimid leat maidir le plan tacaíochta. Is é an plan tacaíochta seo an Plean Seirbhísí Teaghlaigh Aonair (ar a dtugtar IFSP i mBéarla). Is éagsúil a bheidh an Plean Seirbhísí Teaghlaigh Aonair i dtaobh gach linbh agus teaghlaigh.
- Cabhróimid leat gníomhaíochtaí laethúla a úsáid chun do spriocanna a bhaint amach.

Cén fáth go n-úsáideann an Fhoireann Líonra Míchumais Leanáí Cleachtas atá Dírithe ar an Teaghlach?

- Is bealach níos fearr é chun tacú le leanbh forbairt a dhéanamh
- Is bealach níos fearr é chun riachtanais linbh a thuiscint
- Tacaíonn gníomhaíochtaí teaghlaigh le forbairt do linbh
- Is sásta a bhíonn teaghlaigh leis